Our World
IRISH AID AWARDS

PÁIRTÍ SNA MEÁIN
THE IRISH TIMES
irishtimes.com

Irish Aid
Department of Foreign Affairs
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Treoir Iontrála

Léigh an t-eolas seo a leanas le do thoil sara dtosnaíonn tú ar an dtionscnamh seo

1. Tá sé ceadaithe an tionscnamh bheith á chruthú ag beirt pháiste, ag grúpa, ag rang nó ag an scoil iomlán.
2. Is gá do gach dalta atá ag obair ar thionscnamh bheith cláraithe i mbunscoil nó i scoil riachtanas speisialta agus iad idir 8 agus 13 bliain d'aois (idir 7 agus 18 bliain i scoileanna speisialta). Cuirtear fáilte faoi leith roimh thionscnaimh ó scoileanna do pháistí le riachtanais speisialta agus tógfaidh na moltóirí san áireamh gur iontrálacha ó scoileanna speisialta iad seo.
3. Is gá gur obair an dalta féin amháin a théann san iomaíocht cé gur ceadmhach cúnamh/treoir ó mhúinteoir. Is gá síniú múinteora / príomhoide a bheith le gach iarracht a dhearbhaíonn gur an dalta féin a dhein an obair agus go bhfuil tacaíocht na scoile ag an iarracht chéanna.
4. Is féidir tionscnaimh a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla.
5. Seo a leanas na catagóirí sa chomórtas
   - Catagóir A: 3ú & 4ú Rang (PnahÉ) agus Bliain 5 & 6 (TÉ) agus ranganna ionannacha i Scoileanna Speisialta
   - Catagóir B: 5ú & 6ú Rang (PnahÉ) agus Bliain 7 (TÉ) agus ranganna ionannacha i Scoileanna Speisialta
   - Catagóir C: Scoil Iomlán
6. SEOLTAR NA HIARRACHTAÍ GO GRADAIM ÁR NDOMHAN CHÚNAMH ÉIREANN, REAL EVENTS, CÚIRT NA HARDEAGLAISE, FUMBALLY LANE, BAILE ÁTHA CLIATH 8, ROIMH AN 4Ú NOLLAIG 2009
7. Is gá foirm iontrála chomhlánaithe bheith i dteannta gach iarracht.
8. Níor chóir do aon iontráil físe/fuaime a bheith thar 3 nóimead i bhfad.
9. Ní féidir iarrachtaí a thabhairt ar ais ar chor ar bith.
10. Ba chóir grianghrafanna a sheoladh isteach d'iarrachtaí atá trí-dhiminseanach nó sobhriste, mar níl ar ár gcumas glacadh leis na píosaí féin. Níor chóir d'aon obair dé-thoiseach bheith níos mó ná A2 nuair a bhíonn sí go dlúth le chéile. Más gá, déanfar socruithe chun píosaí a bhailiú don taispeántas agus an searmanas bronnadh duaiseanna.
11. SEO A LEANAS NA GRADAIM:
    - Mar aitheantas ar scoileanna a chuireann tionscnaimh ar aghaidh a léiríonn sár-thuiscint leanúnach ar an ábhar maraon le cruthaitheacht bronnfar plaic 'Gradaim Ár nDomhan Chúnamh Éireann.'
    - Tabharfar cuireadh go searmanas bronnta gradam i mBaile Átha Cliath (go luath sa bhliain 2009) do idir 10 is 15 tionscnamh (as na trí catagóir) a léiríonn tuiscint thar barr ar na saincheisteanna, chun glacadh le gradam.
    - Roghnóidh na moltóirí iarracht amháin de bharr gur cruthaíodh tionscnamh den scoth agus fáilteofar rompu siúd ag an searmanas chun glacadh le trófaí 'Gradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann'.

Rialacha & Rialacháin

1. Ní dhéanfaidh na moltóirí ná an eagras urraíochta aon chomhfhreagras i leith cinní na moltóirí agus seasfaidh cinní na moltóirí i ngach catagóir comórtais mar an cinneadh deireannach.
2. Ní féidir le Real Events glacadh le freagracht ar bith i dtaobh iarrachtaí a d'imigh ar strae, gur deineadh damáiste dóibh nó gur cuireadh moill orthu. Ní hionann admháil gur seoladh agus a rá gur shroich.
3. Níl cead ag fostaithe, conraitheoirí ná daoine go bhfuil caidreamh díreach nó gairmiúil acu le fostaithe de chuid Real Events ná Chúnamh Éireann cur isteach ar an gcomórtas.
4. Tá sé thar a bheith tábhachtach gur bunobair de chuid na ndaltaí féin atá sna hiarrachtaí agus nach ábhar ó fhoinse eile atá i gceist in iomláine ná i bpáirt.
5. D'fhéadfaí fianaise aoise agus fianaise i dtaobh dilseachta iarratais a lorg orthu siúd a shroicheann an gearrliostáil.
6. Glacann gach iarrthóir leis an gceangal atá ag rialacha an chomórtais orthu; má theipeann ar iarrthóir cloí la haon riail nó iomlán na rialacha déanfar iarracht neamhbhaillí dá n-iarracht.
7. Cuirfear scoileanna a bheidh rathúil i nduaiseanna a bhuachaint de bhreis ar an bplaic ar an eolas faoi seo i mí Eanair. Tiocfaidh na plaiceanna chomh fada leis an scoil go luath ina dhiaidh sin.
8. Is gá go mbeadh buaiteoirí a thagann ar chuireadh go dtí an taispeántas agus searmanas bronnta gradam bheith i gcomhluadar tuismitheora, múinteora nó caomhnóra.
9. B'fhéidir go n-iarrfaí ar bhuaiteoirí bheith páirteach i bpoiblíocht (grianghrafanna, agallaimh, tagairtí etc.)
10. Beidh sé de cheart ag na tionscnóirí sonraíocht na nduaiseanna a athrú ag brath ar infhaighteacht ag conclúid an chomórtais seo. Ní dhéanfar airgead tirim a thairiscint i bpáirt ná in iomlán in áit na duaise féin.
11. Nuair a chuireann iarrthóir isteach ar an gcomórtas seo fanann cóipcheart bunobair de gach saghas leis an údar.
12. I gcás tionscnamh a thagann ó rang scoile nó ó scoil iomlán, beidh uasteora leis an méid daltaí gur féidir leo freastal ar an searmanas gradam. Cuirfear na scoileanna siúd ar eolas faoin uimhir sin má éiríonn leo dul ar aghaidh chomh fada san sa chlár.
13. Is cóir gach comhfhreagras a bhaineann leis an gcomórtas seo a sheoladh go Gradaim Ár nDomhan Chúnamh Éireann, Real Events, Cúirt na hArdeaglaise, Fumbally Lane, Baile Átha Cliath 8. Tel. 01 522 4800. Rphost: ourworld@realevents.ie

Má tá breis comhairle uait téigh go: www.irishaid.gov.ie/ourworld

PÁIRTÍ SNA MEÁIN

FOIRM IONTRÁLA

(Is féidir fotachóipeanna a dhéanamh den fhoirm iontrála seo)

Líon an fhoirm seo thíos agus seol ar aghaidh le gach iarracht go
Clár Gradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann, Real Events, Cúirt na hArdeaglaise, Fumbally Lane, Baile Átha Cliath 8
Is gá do na hiontrálacha bheith linn roimh an Aoine, 4ú Nollaig 2009.

DÉAN DEIMHIN DE GO BHFUIL NA TREOIRLÍNTE IONTRÁLA AR FAD LÉITE AGAT MARAON LEIS NA RIALACHA AGUS RIALACHÁIN ROIMH D'IONTRÁIL A DHÉANAMH

AINM NA SCOILE _____

UIMHIR ROLLA NA SCOILE _____

SEOLADH _____

_____

_____

TEILEAFÓN _____ **RPHOST** _____

PRÍOMHOIDE/CEANN NA SCOILE _____

MUINTEOIR RANGA _____ **RANG** _____

ABAIR ANSEO AR THÁINIG AN TIONSCNAMH Ó:

- ☐ **BEIRT PHÁISTE**
- ☐ **GRÚPA (más ea, an mó páiste? ____)**
- ☐ **RANG IOMLÁN**
- ☐ **SCOIL IOMLÁN**

ABAIR ANSEO MÁ TÁ AN IONTRÁIL Ó SCOIL RIACHTANAS SPEISIALTA _____

MÁS EA, CÉN SORT RIACHTANAIS ATÁ I GCEIST? _____

TEIDEAL AN TIONSCNAIMH

_____

INIS DÚINN I ROINNT ABAIRTÍ AN INSPIORÁID A BHÍ LASTIAR DO DO THIONSCNAIMH?

_____

_____

_____

INIS DÚINN I ROINNT ABAIRTÍ FAOIN TEACHTAIREACHT ATÁ I DO THIONSCNAIMH?

_____

_____

_____

MÁ SCAIP/CHUIR TÚ DO THEACHTAIREACHT AMACH NÍOS FAIDE NÁ AN SEOMRA RANGA, CONAS A DHÉAN TÚ AN MÉID SIN?

_____

_____

_____

SÍNIÚCHÁN AN MHÚINTEORA _____ **DÁTA** _____

Tá breis tacaíochta agus comhairle ar fáil ach teagmháil le lucht eagraithe an chomórtais ag:
Real Events, Tel 01 522 4800 Fax: 01 522 4809 Email: ourworld@realevents.ie